
# Sábháilteacht Rothaíochta

**Leibhéal 1**





Oifig na Gaeilge

An Garda Síochána

Líníocht deartha ag:
Ealaín CNC

# Sábháilteacht Rothaíochta

**Smaoinigh ar na pointí tábhachtacha seo agus tú ag dul amach ag rothaíocht:**

1. **Bíodh do choscáin ag obair**
2. **Bíodh do shoilse ag obair**
3. **Bíodh do chloigín ag obair**
4. **Bíodh do chlogad ort ceart**
5. **Bíodh veist shofheicthe ort**

**Gluais**

| | |
|---|---|
| Coscáin – *Brakes* | Clogad – *Helmet* |
| Soilse – *Lights* | Veist shofheicthe – *High-visibility vest* |
| Cloigín – *Bell* | Frithchaiteoirí - *Reflectors* |

# Bileog Gníomhaíochta 1

**Féach ar an bhfíseán agus freagair na ceisteanna thíos:**

1) Cén t-ainm atá ar an bpáiste?

______________________________________________

2) Cén dath atá ar chlogad an pháiste?

______________________________________________

3) Cén sórt éadaí atá ar an bpáiste?

______________________________________________

4) Cén rud a stopann do rothar?

______________________________________________


5) Rinne an páiste dearmad ar rud éigin. Céard é?

______________________________________________


# Bileog Gníomhaíochta 2

**Féach ar na pictiúir thíos. Déan iarracht an pictiúr a mheaitseáil leis an bhfocal ceart.**











**Cloigín**

**Solas**


**Veist Shofheicthe**

**Clogad**

**Coscán**


# Bileog Gníomhaíochta 3

**Féach ar an bpictiúr den chailín thíos. Tarraing na rudaí atá ag teastáil uaithi le bheith sábháilte ar an mbóthar agus í ag rothaíocht.**



# Bileog Gníomhaíochta 4

**Dán**




Ag dul ar mo rothar

Síos an bóthar,


Clogad go teann

Anuas ar mo cheann.



Soilse ag lonradh

Coscáin le stopadh,



Éadaí geala


Agus veist shofheicthe.


Cloigín faoi mo smacht

Le rá go bhfuil mé ag teacht,

Bíonn mé slán ar mo rothar

Nuair atá gach rud ag obair.





## Sábháilteacht Rothaíochta

**Script**

Garda : Dia dhaoibh, Is mise Garda Laura.

Ruarc : Agus is mise Ruarc.

Garda : Tá muid ag dul amach ag rothaíocht inniu. Déanfaidh muid cinnte go bhfuil gach rud réidh.

Ruarc : Ceart go leor, Garda Laura!

Garda : Tá cúpla rud le seiceáil ar dtús ar do rothar. An bhfuil fhios agat céard iad sin?

Ruarc : Tá fhios agam! Mo shoilse, mo fhrithchaiteoirí, mo choscáin agus mo chloigín.

Garda : Go díreach, soilse, frithchaiteoirí, coscáin agus cloigín. An bhfuil fhios agat cén éadaí atá le caitheamh agat?

Ruarc : Tá fhios agam. Éadaí geala agus mo chlogad.

Garda: Tá an ceart agat, tá éadaí geala tábhachtach ach tá rud amháin an-tábhachtach nach bhfuil agat. An bhfuil fhios agat céard é sin?

Ruarc : Mo veist shofheicthe?

Garda : Go díreach! Do veist shofheicthe! Cé nach bhfuil sé dorcha fós ba cheart duit do veist shofheicthe a chaitheamh i gcónaí. Feicfidh daoine thú agus tú ag rothaíocht. Iontach, tá tú réidh! Ar aghaidh linn!